# Scéal, Scéal, Scéal...

**28 Meán Fómhair 2023** || Eagrán 166

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

**Ba mhaith linn focal buíochais a ghabháil le pobal Chois Fharraige as ucht an tacaíocht agus cúnamh a thugtar don Fhóram i gcónaí. Tá Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm le breis agus trí bliana anuas anois agus níl aon amhras ach go bhfuil ról suntasach ag muintir na háite sa phróiseas sin. Is pointe eolais agus foinse taitnimh é *Scéal, Scéal, Scéal...* agus ba bhreá linn dá mbeadh ionchur ag an bpobal ann. Tá muid i gcónaí ag iarraidh a chloisteáil uaibh - agus aon mholtaí atá agaibh a chloisteáil agus a phlé. Ar scáth a chéile a mhaireann muid, ar ndóigh!**







# CÚRSA CPR AGUS AED CROÍLÍNE CHOIS FHARRAIGE

Tá cúrsa CPR - athbheochan chardascámhógach - agus dífhibrileoir AED á reáchtáil ag Corílíne ar an Satharn 30 Meán Fómhair. Tá táille de €40 ar an gcúrsa agus san áireamh sa bpraghas seo tá teastas ó Fhoras Croí na hÉireann a mhaireann dhá bhliain chomh maith leis an ábhair fhoghlama. Clúdófar na bunscileanna a bhaineann le hathcheochan chardascámhógach (CPR), conas dífhibrileoir AED a úsáid agus an bealach le teacht i gcabhair ar dhaoine fásta, gasúir nó naíonáin a bhíonn á dtachtadh. Dífhibrileoir ríomhaireachta is ea an AED a dhéanann anailís ar rithim croí an té a bhfuil staird cairdeadh ag dul dó/di agus arbh fhéidir leid-gutha a thabhairt más gá. Ar an gcúrsa seo gheofaidh tú oiliúint ar é a usáid go héifeachtach. Beidh an cúrsa ar siúl ó 9r.n. - 12:45i.n. ag ofigí Chomhlacht Fobartha an Spidéil (H91 XFE8). Le níos mó eolais a fháil nó lé spás a chur in áirithe, ní mór teagmháil a dhéanamh le croilinetraining@gmail.com

# CLUB SCANNÁN CHOIS FHARRAIGE


Fógraíodh sceideal an Fhómhair de chuid Chlub Scannán Chois Fharraige le gairid. Is iomaí scannán iontach a bheas á léiriú ag an gclub le linn an shéasúir, mar is iondúil! Cuirfear tús leis na scannáin ag 8:15i.n. chuile Dhéardaoin. Tosóidh an sceideal nua le *One Fine Morning* ar an 28 Meán Fómhair. Léirfeofar *Tarrac* an mhí dár gcionn le linn Féile Chois Fharraige ar an 5 Deireadh Fómhair. Léirofar *1976* ar an 2 Samhain agus 'sé *Night of the Twelvth* a chuirfidh deireadh le cúrsaí ar an 7 Nollaig. Le ticéid a cheannach nó le ballraíocht a fháil leis an gclub, is féidir cuairt a thabhairt ar www.clubscannan.ie

# COMÓRTAS FILÍOCHTA BASHO

Tá comórtas filíochta, bunaithe ar an 'Haiku' á reáchtáil ag IMRAM i gcomhar le Éigse Éireann. Duais Basho is ainm don chomórtas atá dírithe ar scoileanna iar-bhunoideachais. Dáinín gairid atá i gceist le 'haiku' a tháinig chun cinn sa tSeapáin agus a bhláthaigh sa 17ú haois faoin máistir mór Bashō. Ní bhíonn ach trí líne ann de ghnáth, gan dul thar 17 siolla. Díríonn an haiku traidisiúnta ar an dúlra agus ar shéasúir na bliana. 'Sé Gabriel Rosenstock a bheas ina mholtóir ar an gcomórtas. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 20 Deireadh Fómhair. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le: eigse@poetryireland.ie

# CORN PHEAIT PHÁDRAIC TOM Ó CONGHAILE

Beidh Comórtas Chorn Pheait Phádraic Tom Ó Conghaile ar siúl ar an Domhnach 15 Deireadh Fómhair i Scoil Éinne, sa Spidéal. Is i gcuimhne ar an amhránaí sean nóis Peait Phádraic Tom Ó Conghaile as Leitir Péic An Spidéal, atá an comórtas. Ghnóthaigh Peait Phádraic Tom an dara háit i gComórtas na bhFear ag Oireachtas na Gaeilge in 1955 agus an chéad áit i 1956. Mhúin sé amhráin sean-nós do ghasúir óga san Gaelacadamh sa Spidéal idir 1980 agus 1992. Tabharfaidh an comórtas deis do dhaoine óga an cheantair taithí agus cleachtadh a fháil ar an amhránaíocht ar an sean -nós. Is féidir clárú ar an lá. Cuirfear tús le cúrsaí @ 12 meánlae. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Caitlín ag cnichonghaile@forasnagaeilge.ie




# FOLÚNTAIS AG AN mBOGHA CEATHA

Tá an Bogha Ceatha ag iarraidh cur lena bhfoireann, dá ngrúpa iarscoile. Níl aon cháilíochtaí ag teastáil ach tá sé tábhachtach go mbeadh Gaeilge chumarsáideach ag iarrthóirí, go mbeadh iarrthóirí cineálta, cairdiúil agus sásta a bheith ag obair le gasúir idir 4-12 bliain d'aois. 'Siad 1:30-5:30 na huaireanta oibre a bheadh i gceist. Le cur isteach ar an bpost, nó le níos mó eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh le oifig@boghaceatha.com nó 091 897 851

# BUA DO CHOIS FHARRAIGE AG NA GRADAIM FHOILSITHEOIREACHTA

Tá neart le ceiliúradh i gCois Fharraige tar éis Gradaim Fhoilsitheoireacht de chuid An Oireachtais agus Foras na Gaeilge, a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath le gairid. Bronnadh Gradam Uí Shúilleabháin ar an teach foilsitheoireachta, Cló-Iar Chonnacht, ar son an leabhair, 'Béal na Péiste' le Fionntán de Brún. Is ar an teach foilsitheoireachta Futa Fata a bronnadh Gradam Réics Carló don saothar 'Amuigh Faoin Spéir' a scríobh Sadhbh Devlin agus a mhaisigh Brian Fitzgerald. Bronnadh Gradam de Bhaldraithe ar Leabhar Breac, ar son an leabhair, 'Cuairt San Nicolás' a d'aistrigh Darach Ó Scolaí.







## Dé Máirt 3 Deireadh Fómhair

**3:00 i.n Seoladh Leabhair**
**i gcomhar le *Fighting Words***
***Scéalta na gComharsan***
**- Áras Chois Fharraige -**

**4:30 i.n Scéalaíocht le**
**Máire Ní Chualáin**

Scéalta do ghasúir bhunscoile, eagraithe i gcomhar le *Tuismitheoirí na Gaeltachta*
(Cláraigh roimh ré: meadhbh@tuismitheoiri.ie)

- Leabharlann an Spidéil -

**7:00 i.n**
***Scríbhneoireacht agus Foilsitheoireacht i gCois Fharraige***
Plé agus ceiliúradh le foilsitheoirí an cheantair
*Cló Iar-Chonnacht, FutaFata & Leabhar Breac*

- Tigh Chualáin -

## Dé Céadaoin 4 Deireadh Fómhair

**8:00 i.n *I mBun Comhrá...***

Eimear Ní Chonaola ag comhrá le
Gearóid Ó Murchú
faoina shaol agus a shaothar i gCois Fharraige

- POTA -

Údarás na Gaeltachta
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council
ealaín

## Déardaoin 5 Deireadh Fómhair

**7:30 i.n Seisiún Amhránaíochta ar an Sean-Nós**

Fáilte roimh chách, idir óg 's aosta!

- Tigh Chualáin -

**8:00 i.n *Tarrac***

Club Scannán Sailearna

- Seanscoil Sailearna -

**9:30 i.n Seisiún Ceoil & Amhránaíochta**

- Tigh Mholly -

## Dé hAoine 6 Deireadh Fómhair

**11:00 r.n. Maidin Chaife**

Comhluadar agus Caidreamh

Fáilte roimh chách!

- Bláth Fiáin, An Spidéal -

**8:00 i.n. Club Leabhar Chois Fharraige**

Seolfaidh an Dr. Breandán Ó Cróinín

*Deirdre* le Darach Ó Scolaí

- Tigh Mholly -

## Dé Sathairn 7 Deireadh Fómhair

SPÁSANNA LÁN!

**10:00 r.n Ceard[illegible]**

Scile[illegible] agus spraoi do ghasúir

([illegible]) le Séamus Hughes

(Cláraigh roimh ré: 091 505 855)

- Stiúideo FÍBÍN -

12:00 i.n Scéalta le
Máirín Mhic Lochlainn

Scéalta do ghasúir bhunscoile.

- Leabharlann an Spidéil -

Athrú Ama:
5:30i.n.

i.n Ceiliúradh Chois Fharraige

Ceolchoirm de chuid
Cheoltóirí Óga Chois Fharraige
Ticéid: taiscecf@gmail.com

- Seanscoil Sailearna -

## Domhnach 8 Deireadh Fómhair

10:00 r.n Ceardlann Cócaireachta
don Chlann

Deis do thuismitheoirí agus gasúir oidis nua a fhoghlaim, agus a bhlaiseadh le chéile, in éindí le Diarmuid Ó Mathúna
(Cláraigh roimh ré: 083 010 6294)

- POTA -

12:00 i.n Conair an Chadhnaigh

Siúlóid 4K ón Airdín Buí go dtí An Cnocán Glas

- An tAirdín Buí -

6:00 i.n Seisiún Ceoil

- Cois Cuain -

8:00 i.n Seisiún Amhránaíochta

- Tigh Phádraigín -


Foras na Gaeilge    Cois Fharraige

# CEARDLANN CÓCAIREACHTA

## DON CHLANN AR FAD

Deis do thuismitheoirí agus gasúir oidis nua a fhoghlaim. agus a bhlasadh le chéile

**AM:10R.N - 2I.N.**
**IONAD: POTA**





€10 AN SPÁIS
Tuilleadh eolais

CLÁRAIGH ANSEO!

**Is féidir ticéad a chur in áirithe don Cheardlann Cócaireachta ach an cód QR thuas a leanúint nó teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com Beidh an cheardlann feiliúnach do ghasúir bhunscoile agus moltar go mbeadh tuismitheoir amháin agus gasúr amháin/beirt ag chuile stáisiún. Is comhthogra de chuid Diarmuid Ó Mathúna, POTA, agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá san imeacht seo atá á reáchtáil mar chuid d'Fhéile Chois Fharraige 2023.**




# Eimear Ní Chonaola

## I mBun Comhrá

## le Gearóid Ó Murchú

**Am: 8 i.n.**

Dé Céadaoin 4ú Deireadh Fómhair

**Ionad: POTA**

Fáilte roimh fhoghlaimeoirí agus roimh chainteoirí Gaeilge

CEOL • EALAÍN • CULTÚR
FÉILE COIS FARRAIGE
OIDHREACHT • TRAIDISIÚN

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

**Labhróidh Eimear le Gearóid faoin shaol agus a shaothar i gCois Fharraige, mar cheoltóir, úinéir ghnó agus cónaitheoir Chois Fharraige le blianta anuas!**

# Scríbhneoireacht agus Foilsitheoireacht i gCois Fharraige

CLÓ IAR-CHONNACHT | LEABHAR BREAC | FutaFata

Plé agus ceiliúradh le cuid de fhoilsitheoirí an cheantair: Cló Iar-Chonnacht, FutaFata & Leabhar Breac

**Dé Mairt 3ú Deireadh Fómhair**

**Am: 7 i.n.**

**Ionad: Tigh Chualáin**

le Bean an Tí
Máire Treasa Ní Dhubhghaill

**Agus iad díreach abhaile ó na Gradaim Fhoilsitheoireachta, beidh Máire Treasa Ní Dhubhghaill i mbun comhrá le Máirín Mhic Con Iomaire (FutaFata), Máire Uí Dhufaigh (Leabhar Breac) agus Lochlainn Ó Tuairisg (Cló Iar-Chonnacht) maidir le cúrsaí scríbhneoireachta agus foilsitheoireacht.**

# Conair an Chadhnaigh

## Siúlóid 4K ón
## Airdín Buí go dtí An Cnocán Glas

## Aoichainteoir: Seán Ó Cadhain





## Domhnach 8ú Deireadh Fómhair
## 12 i.n. @ An Airdín Buí


Ná dearmad do bhrógra reatha agus do sheaicéad 'hi-vis'!

Fáilte roimh chách.

COIS FHARRAIGE

Beidh ceiliúradh ag Club Leabhar Chois Fharraige le linn na Féile ar an Aoine 6 Deireadh Fómhair nuair a sheolfaidh an Dr. Breandán Ó Cróinín an leabhar 'Deirdre' le Darach Ó Scolaí i dTigh Mholly @ 8i.n. Beidh sóláistí ar fáil ar an oíche ó POTA.

Is comhthogra de chuid Chlub Leabhar Chois Fharraige agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga í an ócáid.




Beidh neart ceoil le cloisteáil le linn na Féile, le Ceolchoirm Chois Fharraige de chuid Cheoltóirí Óga Chois Fharraige i Sheanscoil Sailearna ar an Satharn 7 Deireadh Fómhair @ 5:30 i.n. Chomh maith le sin, beidh Seisiún Amhránaíochta ar an Sean-Nós i dTigh Chualáin ar an Déardaoin 5 Deireadh Fómhair @ 7:30i.n. Tiocfaidh ceoltóirí le chéile i dTigh Mholly ar an gCéadaoin @ 9:30i.n. agus le críoch a chur leis an bhFéile, beidh seisiún ceoil sa Spidéal, i gCois Cuain @ 6i.n. agus beidh Seisiún Amhránaíochta ar siúl Tigh Phádraicín @ 8i.n.












**Beidh Maidin Caife ag an bhFóram, mar chuid d'Fhéile Chois Fharraige ar an Aoine 6 Deireadh Fómhair @ 11 r.n ag an mbialann nua sa Spidéal, Bláth Fiáin. Fáilte roimh chách!** ***(We will be hosting a coffee morning during Féile Chois Fharraige on Friday 6th at Bláth Fiáin, sa Spidéal. All welcome!)***



**Má tá ceist ag éinne maidir le Féile Chois Fharraige, is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com agus is féidir teacht ar an gclár iomlán ar ár suíomh féin freisin: https://coisfharraige.ie/pleanail-teanga/nuacht/**

# CLUB FOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE CHOIS FHARRAIGE - GRÚPA DRÁMAÍOCHTA

Tá dráma nua cumtha ag Máirín Mhic Lochlainn a bhéas á léiriú, ar stáitse ag an ngrúpa drámaíochta de chuid Chlub Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige ar an Satharn 2 Nollaig. Tiocfaidh an grúpa le chéile ag Oifigí Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga (Inis Fáil, An Spidéal H91 X63V) chuile sheachtain, ar an Déardaoin @ 7:30-9i.n. le haghaidh cleachtaí. Fáiltíonn an Club roimh dhaoine áitiúla - cainteoirí dúchais nó foghlaimeoirí le glacadh le ról sa dráma nó le cúnamh a thabhairt leis an léiriúchán. Tugann an drámaíocht deis d'fhoghlaimeoirí dul i dtaithí ar labhairt na Gaeilge ar bhealach nádúrtha agus spraíúil. Tá fáilte is fiche roimh dhuine ar bith atá ag iarraidh triail a bhaint as - cuirfear tús leis na cleachtaí ar an Déardaoin 14 Meán Fómhair ach beidh fáilte roimh chách an tseachtain dár gcionn chomh maith.



# FOLÚNTAIS AG POTA

Tá POTA Café sa tóir ar fhoireann lán-aimseartha agus páirt-aimseartha. Tá siad ag glacadh le hiarratais do réimse leathan rólanna, idir freastalaithe agus foireann cistine. Cé go gcuideodh sé, ní gá go mbeadh taithí agat san earnáil mar go gcuirfear oiliúint chuimsitheach ar fáil. Déantar iarracht faoi leith i bPOTA láthair dearfach, measúil agus taitneamhach oibre a chur ar fáil. Bí i dteagmháil leo ar ríomhphost, potacafe@gmail.com, ar na meáin shóisialta, nó buail isteach!

# ACLAÍOCHT AGUS LÁIDRIÚ LE ADHNA

## Láidriú do dhaoine os cionn 60 bliain d'aois

Le Adhna Ní Bhraonáin
Chartered Physiotherapist leis an ISCP



**Beidh muid ag díriú ar:**

- Láidreacht sna matáin, ailt agus cnámha
- Balance
- Seachaint nó Moilliú Arthritis, Osteoporosis agus pianta eile

**€5 in aghaidh an ranga**

Fáilte roimh dhaoine le bacanna sláinte ar bith, ach Adhna a chuir ar an eolas roimh ré. Tá líon na spásanna srianta mar sin glaoigh ar:
**083 800 7775**
chun do áit a chinntiú.

Gach Trathnóna **Dé Máirt** ón
**6.30 - 7.30 i.n.**
**Halla Pobail Ros a' Mhíl**
**Guthán: 083 800 7775**